CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/2250 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Nollaig 2021

lena gceaptar comhalta agus beirt chomhaltaí mhalartacha, arna moladh ag Poblacht na Fionlainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó Rialtas na Fionlainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/2157 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Satu HAAPANEN a cheapadh.

(4) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Joonas HONKIMAA a cheapadh.

(5) Mhol Rialtas na Fionlainne Niina RATILAINEN, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Turun kaupunginvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil: Comhairle Cathrach Turku), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

(6) Tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún chun bheith folamh tar éis cheapadh Niina RATILAINEN ina comhalta de Choiste na Réigiún.

(7) Mhol Rialtas na Fionlainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Manu HUUHILO, *Kouvolan kaupunginvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil, Comhairle Cathrach Kouvola), agus Eeva-Liisa NIEMINEN, *Tuusulan kunnanvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil, Comhairle Bhardasach Tuusula),

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

([2]) Cinneadh (AE) 2019/2157 ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 327, 17.12.2019, lch. 78).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhalta:

— Niina RATILAINEN, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Turun kaupunginvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil, Comhairle Cathrach Turku),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Manu HUUHILO, *Kouvolan kaupunginvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil, Comhairle Cathrach Kouvola)**,**

— Eeva-Liisa NIEMINEN, *Tuusulan kunnanvaltuuston jäsen* (comhalta de thionól áitiúil, Comhairle Bhardasach Tuusula).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Nollaig 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN